SST i gCo. Phort Láirge

Cuireann Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) i bhfeidhm thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí i gContae Phort Láirge. Tá leithdháileadh de **15 rannpháirtí** ag Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge ar fud an chontae.

Tá an scéim nasctha le **hUrraitheoirí Pobail** a oibríonn leis na rannpháirtithe ar **thionscadal atá á chur i bhfeidhm ag an bPobal** ag an am sin. Tá na socrúcháin seo lonnaithe i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae, lena n-áirítear:

- Dún Garbhán
- Maigh Dheilge
- Baile na Sagart
- Pointe na Síge
- Lios Mór
- An Aird Mhór
- An Rinn

Scéim Shóisialta na Tuaithe (SST)

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Teagmháil:

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Shóisialta Tuaithe, déan teagmháil le Christine Rossi ag:

058 54646

christine.rossi@wlp.ie

www.wlp.ie

Waterford LEADER Partnership CLG

Páipéar 100% athchúrsáilte

Scéim Shóisialta na Tuaithe (SST)

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

Scéim Shóisialta na Tuaithe (SST)

Is scéim tacaíochta ioncaim í an Scéim Shóisialta Tuaithe a chuireann **deiseanna fostaíochta páirtaimseartha** ar fáil d'fheirmeoirí agus d'iascairí tearcfhostaithe a fhaigheann íocaíochtaí sonracha leasa shóisialaigh.
Tá beagnach **3,000 duine in Éirinn** rannpháirteach i SST faoi láthair.

An tslí a n-oibríonn SST

Tá an scéim dírithe ar **fheirmeoirí agus iascairí atá ar Chlár um Chúnamh Feirme nó ar Chlár um Chúnamh Iascaireachta. Oibríonn na rannpháirtithe 19.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine.** Tá na huaireanta seo bunaithe ar sceideal atá oiriúnach d'fheirmeoirí agus d'iascairí. Socraítear an sceideal dá réir chun deimhin a dhéanamh de nach dtiocfaidh rannpháirtíocht sa scéim salach ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta/iascaireachta.

Cuireann daoine atá rannpháirteach sa scéim seirbhísí ar fáil a théann chun tairbhe do phobail tuaithe. Déantar rannpháirtithe a mheaitseáil le **gníomhaíochtaí a bhfuil scileanna acu iontu nó a mbaineann siad taitneamh as iad a dhéanamh.**

Tugann sé **deis don rannpháirtí freisin páirt a ghlacadh sa phobal áitiúil, toisc gur féidir leis an bhfeirmeoireacht** agus an iascaireacht poist a leithlisiú.

An cineál oibre a dhéantar ar an SST:

- Saoráidí pobail agus spóirt a chothabháil agus aire a thabhairt dóibh
- Tionscadail feabhsúcháin sráidbhailte agus tuaithe
- Cúram sóisialta agus cúram do dhaoine scothaosta
- Tionscadail phobalbhunaithe eile